Cuntas Leithreasa 2016

# Vóta 35

# Arm-Phinsin

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 35, ceanglaítear orm an Cuntas Leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa Chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2016 ar phá scoir, pinsin, cúiteamh, liúntais agus aiscí ar iníoctha iad faoi il-reachtanna i leith nó i ndáil le baill d'Óglaigh na hÉireann agus Eagrais Mhíleata áirithe eile, etc., agus ar il-ranníocaíochtaí agus ilspeansais a bhaineann leis sin; ar liúntais leanaí seach-reachtúla áirithe agus íocaíochtaí eile agus ar ildeontais.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2016, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear barrachas €214,167 a taifeadadh don bhliain.

Is cuid den Chuntas seo é an Ráiteas ar Bheartais agus ar Phrionsabail Cuntasaíochta chomh maith le nótaí 1 go 6.

## An Ráiteas faoi Bheartais agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta

Cuireadh na beartais agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le Cuntais Leithreasa a sholáthar chun feidhme agus an Cuntas á ullmhú.

## Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as córas um rialú inmheánach airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm a chinntiú go ndéanfaidh an Roinn córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais a choimeád agus a oibriú.

Tugaim faoin bhfreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus m'oibleagáidí eile mar Ard-Rúnaí. Ina theannta sin, ní thugann aon chóras um rialú inmheánach airgeadais ach ráthaíocht réasúnta seachas ráthaíocht iomlán go mbíonn sócmhainní cosanta, go mbíonn idirbhearta údaraithe agus taifeadta mar is cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí a chosc nó a bhrath go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas um rialú inmheánach airgeadais a choimeád agus déantar an córas agus éifeachtúlacht an chórais a athbhreithniú go rialta.

***Seirbhísí Comhroinnte***

Tá mo fhreagrachtaí comhlíonta agam i ndáil le riachtanais an chomhaontaithe um bainistíocht seirbhíse idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte chun seirbhís chomhroinnte a sholáthar.

Braithim ar litir ráthaíochta ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta ar Sheirbhísí Comhroinnte go gcleachtar na rialuithe cuí i soláthar seirbhísí comhroinnte don Roinn seo.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na gnéithe seo a leanas mar chuid di:

- sannadh freagrachtaí airgeadais ar an leibhéal bainistíochta mar aon le cuntasacht chomhfhreagrach
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal inar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais
- bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna rialaithe suntasacha a thuairisciú agus chun gníomh ceartaitheach cuí a chinntiú
- tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm agus mé ag comhlíonadh mo chuid freagrachtaí a bhaineann leis an gcóras um rialú inmheánach airgeadais.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Deimhním gur cuireadh creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú bainistíochta rialta ar bun lena n-áirítear leithscaradh dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe:

- go bhfuil córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil ann a ndéanann lucht ardbhainistíochta athbhreithniú air
- go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le réamhaisnéisí
- go n-oibrítear córas bainistíochta riosca sa Roinn
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú

Ag eascairt as dearmad riaracháin, níor gearradh líon beag íocaíochtaí pinsin (5), ar luach iomlán €26,465, a bhain le 2016, do chaiteachas go dtí go luath i 2017. Theastaigh, mar sin de, coigeartú do fho-cheannteideal A.2 don tsuim seo chun an muirear i 2016 a léiriú i gceart, seachas i 2017. Bhí mar thoradh ar an gcoigeartú seo barrachas caiteachais ar luach €23,299 le hais an tsoláthair de €234,690,000 sa Vóta. Cuireadh gnáthaimh i bhfeidhm i 2017 chun cosc a chur ar a leithéid tarlú arís.

***Mór-rioscaí Airgeadais***

Níor sainaithníodh mór-rioscaí airgeadais ar bith i ndáil le Vóta 35 Arm-Phinsin.

***Iniúchadh Inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánaigh ag an Roinn le pearsanra faoi oiliúint chuí, a oibríonn de réir cairt scríofa a cheadaigh mé féin. Cuirtear le hobair na feidhme seo le hanailís ar na rioscaí airgeadais os comhair na Roinne agus bunaítear na pleananna bliantúla maidir le hiniúchadh inmheánach, arna gceadú agamsa, ar an anailís seo. Tá sé mar aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chuimsiú, ar bhonn atrátha, thar thréimhse réasúnta. Déanaim féin agus an Coiste Iniúchóireachta an fheidhm iniúchta inmheánaigh a athbhreithniú ó am go chéile. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar fiosrú ar na tuarascálacha maidir leis an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh.

**Maurice Quinn**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Cosanta

27 Meán Fómhair 2017

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 35: Arm-Phinsin

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithghabhála do Vóta 35 Pinsin Airm don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2016 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a forordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithghabhála.

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithghabhála a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin ina Roinn/(h)Oifig agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithghabhála gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithghabhála, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithghabhála.

***Scóip an iniúchta***

Áirítear mar chuid d'iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus do rialtacht na n-idirbheart airgeadais atá san áireamh sa chuntas chomh maith le measúnú i dtaca leis an gceist ar cloíodh le forálacha cuntasaíochta Ghnáthaimh Airgeadais Phoiblí na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithghabhála saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithghabhála.

***Tuairim faoin gcuntas leithghabhála***

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithghabhála go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 35 Pinsin Airm don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2016.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh taifid chuntasaíochta leordhóthanacha ag an Roinn Cosanta. Réitíonn an cuntas leithghabhála leis na taifid chuntasaíochta.

**Barrachas caiteachais**

Thabhaigh an Roinn ollchaiteachas i 2016 a sháraigh an soláthar don Vóta faoi €23,299. Faoi na Gnáthaimh Airgeadais Phoiblí, éilíonn sin vóta barrachais. Mínítear an cheist seo i gCaibidil 6 mo thuarascála faoi chuntais na seirbhísí poiblí do 2016.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

28 Meán Fómhair 2017

# Vóta 35: Arm-Phinsin
# Cuntas Leithreasa 2016

| | | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|---|
| | Suim soláthraithe sa mheastachán | | Toradh | | Toradh |
| | €000 | €000 | €000 | | €000 |
| **Caiteachas cláir** | | | | | |
| A Foráil le haghaidh shochair phinsin Óglaigh na hÉireann | | | | | |
| *Bunaidh* | 223,690 | | | | |
| *Forlíontach* | 11,000 | | | | |
| | | 234,690 | 234,713 | | 227,442 |
| **Ollchaiteachas** | | | | | |
| *Bunaidh* | 223,690 | | | | |
| *Forlíontach* | 11,000 | | | | |
| | | **234,690** | **234,713** | | **227,442** |
| *Asbhain* | | | | | |
| B **Leithreasaí-i-gcabhair** | | | | | |
| | | **5,200** | **5,437** | | **5,376** |
| **Glanchaiteachas** | | | | | |
| *Bunaidh* | 218,490 | | | | |
| *Forlíontach* | 11,000 | | | | |
| | | **229,490** | **229,276** | | **222,066** |

| | € |
|---|---|
| Glan-bharrachas | 214,167 |
| Vóta iomarcach | 23,299 |

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas faoi Chostas Oibriúcháin 2016

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Caiteachas cláir | 234,643 | 227,369 |
| Pá | 56 | 58 |
| Neamhphá | 14 | 15 |
| **Ollchaiteachas** | **234,713** | **227,442** |
| *Asbhain* | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | **5,437** | **5,376** |
| **Glanchaiteachas** | **229,276** | **222,066** |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (Nóta 1.1) | 2,659 | 2,079 |
| **Costas glan cláir** | **231,935** | **224,145** |

#### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá méid an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na méideanna a leanas i ndáil le Vóta 35 a tabhaíodh in áit eile maidir le tuarastail riaracháin agus seirbhísí eile.

| | | 2016 | 2015 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| Vóta 18: Oifig Náisiúnta um Seirbhísí Roinnte | m | 1,273 | 229 |
| Vóta 36: Cosaint | m | 1,386 | 1,850 |
| | | 2,659 | 2,079 |

Tugann “m” le fios gur luach measta nó costas cionroinnte atá ann.

## 2 Clár Comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2016

| | Nóta | 2016 €000 | 2015 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead | 2.2 | 232 | 40 |
| Iarmhéideanna eile dochair | 2.3 | — | 5 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **232** | **45** |
| | | | |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Iarmhéideanna eile creidmheasa | 2.4 | 19 | 23 |
| Glandliteanas don Státchiste | 2.5 | 213 | 22 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **232** | **45** |
| | | | |
| **Glansócmhainní reatha** | | — | — |
| **Glansócmhainní** | | — | — |
| | | | |
| **Arna léiriú le:** | | | |
| **Cuntas Maoiniú Stáit** | 2.1 | — | — |

| **2.1 Cuntas Maoiniú Stáit** | **Nóta** | | **2016** | **2015** |
|---|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | | | — | — |
| | | | | |
| Eisíocaíochtaí as an Vóta | | | | |
| Suim soláthraithe sa mheastachán | Cuntas | 229,490 | | |
| Glan-bharrachas | Cuntas | (214) | | |
| Vóta glan | | | 229,276 | 222,066 |
| | | | | |
| Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile | 1.1 | | 2,659 | 2,079 |
| Costas glan cláir | 1 | | (231,935) | (224,145) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | | | — | — |

Tá san áireamh san iarmhéid seo caiteachas ar luach €23,299 thar an méid a soláthraíodh.

| **2.2 Banc agus Airgead Tirim** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Iarmhéideanna an PMG | 232 | 36 |
| Cuntas bainc tráchtála | — | 4 |
| | 232 | 40 |

| **2.3 Iarmhéideanna Eile Dochair** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Míreanna eile dochair atá ar fionraí | — | 5 |
| | — | 5 |

| **2.4 Iarmhéideanna Eile Sochair** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Méideanna dlite don Stát | | |
| Cánacha iníoctha | 5 | 3 |
| | 5 | 3 |
| Íocaíochtaí pinsin atá á gcoinneáil ar fionraí | 14 | 20 |
| | 19 | 23 |

| **2.5 Glandliteanas don Státchiste** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Glan-bharrachas | 214 | 24 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (1)* | (2) |
| Glandliteanas don Státchiste | 213 | 22 |

*Scaipeadh

**Arna léiriú le:**

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead | 232 | 40 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | — | 5 |
| | 232 | 45 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (5) | (3) |
| Iarmhéideanna sochair: fionraí | (14) | (20) |
| | (19) | (23) |
| | 213 | 22 |

## 3 Caiteachas Cláir de réir Fotheidil

| | | | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | **Suim soláthraithe sa mheastachán** | | **Toradh** | **Toradh** |
| | | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **A** | **Foráil le haghaidh shochair phinsin Óglaigh na hÉireann** | | | | | |
| A.1 | Riarachán – pá | | | 70 | 70 | 73 |
| A.2 | Scéimeanna Óglaigh na hÉireann pinsin agus íocaíochtaí i leith seirbhís aistrithe | | | | | |
| | | *Meastachán bunaidh* | 214,295 | | | |
| | | *Meastachán forlíontach* | 10,795 | 225,090 | 225,040 | 218,563 |
| A.3 | Pinsin chréachta agus mhíchumais, liúntais agus aiscí d'iarbhaill nó maidir le hiarbhaill Óglaigh na hÉireann | | | | | |
| | | *Meastachán bunaidh* | 8,500 | | | |
| | | *Meastachán forlíontach* | 400 | 8,900 | 8,977 | 8,256 |
| A.4 | Íocaíochtaí le céilí na n-iarshaighdiúirí a bhí i gCogadh na Saoirse | | | | | |
| | | *Meastachán bunaidh* | 500 | | | |
| | | *Meastachán forlíontach* | (5) | 495 | 489 | 426 |
| A.5 | Íocaíochtaí cúitimh | | | | | |
| | | *Meastachán bunaidh* | 225 | | | |
| | | *Meastachán forlíontach* | (152) | 73 | 73 | 73 |
| A.6 | Fearais leighis agus speansais taistil agus theagmhasacha | | | | | |
| | | *Meastachán bunaidh* | 100 | | | |
| | | *Meastachán forlíontach* | (38) | 62 | 64 | 51 |
| | | | | 234,690 | 234,713 | 227,442 |

**Éagsúlachtaí suntasacha**

San iomlán, bhí luach an ollchaiteachais i dtaca leis an gClár €11 milliún níos airde ná mar ar soláthraíodh dó. Theastaigh meastachán forlíontach don tsuim, rud a mhéadaigh an bunmheastachán de €223.69 milliún go €234.69 milliún. Seo a leanas na hathrúcháin shuntasacha:

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná soláthartha<br>€000 | Míniú |
|---|---|---|
| Scéimeanna agus íocaíochtaí pinsin Óglaigh na hÉireann i dtaca le seirbhís aistrithe | (10,745) | Bíonn caiteachas faoin bhfocheannteideal seo, a bhfuil i gceist leis thart ar 95% de chaiteachas iomlán Vóta 35, faoi thiomáint éilimh agus neamhroghnach. Bhí an méid a soláthraíodh sa bhunmheastachán neamhleor chun freastal a dhéanamh ar gach riachtanas i 2016. Chuir raon fachtóirí le méadú na gcostas i dtaca le sochair mhíleata.<br><br>Chuaigh líon na bpinsinéirí ó na Fórsaí Cosanta i méid, ó 11,671 ag deireadh 2015 go 11,807 ag deireadh 2016, rud a chuir le buntreocht aníos na mblianta roimhe sin. Beidh sochair scoir iníocha éagsúil, ag brath ar sheirbhís, ar rang an duine le linn dó/di dul ar scor agus ar an bpá inphinsin; bhí go leor de na daoine a chuaigh ar scor le déanaí i dteideal uasmhéid na sochar scoir a fháil.<br><br>I 2016, chuaigh thart ar 75% den phearsanra míleata a chuaigh ar scor le teidlíocht láithreach i dtaca le pinsean agus le cnapshuim phinsin, chuaigh siad ar scor ar bhonn deonach, is é sin le rá, roimh a n-uasaois scoir. Beidh líon agus rang na ndaoine seo éagsúil ó bhliain go bliain. Bíonn sé an-deacair, mar sin de, tuar cruinn a thabhairt maidir le líon na ndaoine a théann ar scor ar bhonn deonach agus maidir le luach na sochar a d´fhéadfadh a bheith iníoctha. |
| Pinsin, liúntais agus aiscí créachta agus míchumais chuig nó maidir le hiarbhaill na bhFórsaí Cosanta | (477) | Bhí an méid a soláthraíodh don fhocheannteideal seo neamhleor don mhéid a tháinig chun cinn. Tá an focheannteideal faoi thiomáint éilimh agus neamhroghnach. De bharr a nádúir féin, bíonn sé deacair an caiteachas a thuar ó bhliain go bliain. Is iad na fachtóirí a théann i bhfeidhm ar an gcaiteachas ná líon agus toradh na n-íocaíochtaí nua pinsin mhíchumais (riaráiste san áireamh) agus cnapshuime míchumais a cuireadh i bhfeidhm le linn 2016. |
| Íocaíochtaí cúitimh | 152 | Déanann príomheilimint ´teagmhais´ an fhocheannteidil seo soláthar d´íocaíocht chúitimh speisialta chnapshuime ag an Roinn Cosanta do bhásanna a bhaineann le seirbhís nó do mhíchumasú bhaill na bhFórsaí Cosanta agus iad ar dualgas thar lear leis na NA agus ar mhisin áirithe eile. Ní dhearnadh aon íocaíocht den chineál seo le linn 2016. |

# 4 Fáltais

### 4.1 Leithreasaí i gcabhair

| | | 2016 | | 2015 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1. | Ranníocaíochtaí le Scéimeanna Pinsin Óglaigh na hÉireann do Chéilí agus Leanaí | 3,547 | 3,846 | 3,809 |
| 2. | Ranníocaíochtaí le (Príomh) Scéimeanna Pinsin Ranníocacha Óglaigh na hÉireann | 1,500 | 1,493 | 1,513 |
| 3. | Aisghabháil ró-íocaíochtaí | 40 | 96 | 43 |
| 4. | Íocaíochtaí a fuarthas i ndáil le seirbhís aistrithe | 40 | — | 2 |
| 5. | Ilghnéitheacha | 70 | — | 6 |
| 6. | Fáltais ó asbhaint a bhaineann le pinsean maidir le luach saothair seirbhíse poiblí | 3 | 2 | 3 |
| | **Iomlán** | 5,200 | 5,437 | 5,376 |

**Éagsúlachtaí suntasacha**

Bhí an táirgeacht don bhliain €0.237 milliún níos mó ná mar a soláthraíodh. Tharla sin go príomha mar gheall ar na rudaí seo a leanas:

| **Cur síos** | **Níos lú/(níos mó) ná soláthartha€000** | **Míniú** |
|---|---|---|
| Leithreasaí i gCabhair | (237) | Ranníocaíochtaí pinsin fhostaithe ó Bhuanbhaill de chuid na bhFórsaí Cosanta atá i gceist le mórchuid na bhfáltas. Beidh siad seo éagsúil ag brath ar ráta athruithe an phearsanra, ar thuilleamh inphinsin agus ar chonair ghairme ar fud an Bhuanfhórsa Chosanta. Bíonn sé deacair, mar sin de, leibhéal na bhfáltas a thuar in aon bhliain ar leith. |

## 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| **Líon foirne ag deireadh na bliana** (coibhéisí lánaimseartha) | 1 | 1 |

| | 2016 | 2015 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 55 | 57 |
| ÁSPC fostóra | 1 | 1 |
| **Pá iomlán** | **56** | **58** |

Tugann ball foirne amháin tacaíocht riaracháin do Bhord na nArm-Phinsean.

Faoi láthair, tá baint ag 18.3 fostaí (coibhéis lánaimseartha) de chuid na Roinne Cosanta le riar na bpinsean agus íocaíochtaí gaolmhara eile agus leis sin amháin. Is ionann a luach saothair agus thart ar €0.9 milliún, agus muirearaítear é ar Vóta 36.

### 5.1 Pinsean Scoir (bliantúil) – meán-Íocaíochtaí le pearsanra Óglaigh na hÉireann ar scor[a]

| Catagóir pinsinéara | An líon daoine a fuair pinsean ag deireadh na bliana | | Meán-íocaíocht aonair (slánaithe) | |
|---|---|---|---|---|
| | 2016 | 2015 | 2016 | 2015 |
| | | | € | € |
| Oifigigh ar scor | 1,773 | 1,736 | 30,500 | 30,500 |
| Oifigigh Neamhchoimisiúnta agus saighdiúirí singile ar scor | 8,526 | 8,425 | 16,600 | 16,400 |
| Cleithiúnaigh agus eile[b] | 1,935 | 1,967 | | |
| **Iomláin** | **12,234** | **12,128** | | |

[a] Léirítear i dTábla 5.1 an líon iomlán daoine do gach catagóir faighteora ó gach fotheideal laistigh de Vóta 35 amhail deireadh na bliana. Is ionann tairbhí de chineál aoisliúntais trí phinsean agus aisce (cnapshuim) iníoctha le hiar-bhaill de na Buan-Óglaigh agus cleithiúnaigh ball básaithe agus timpeall 95% den chaiteachas ar phinsin mhíleata. Faigheann roinnt pearsanra ar scor pinsean míleata chomh maith le pinsean míleata míchumais, agus tá íocaíochtaí cosúla iníoctha le roinnt céilí/leanaí pearsanra básaithe: ní chomhairtear na dé-fhaighteoirí sin ach uair amháin chun na críocha comhairimh thuas.

[b] Níor taifeadadh an ghnáthíocaíocht aonair faoi 'Cleithiúnaigh agus eile' thuas mar go n-athraíonn na méideanna dlite i gcatagóir éagsúla faighteoirí san fhoghrúpa seo. B'ionann an meánphinsean foriomlán do chleithiúnach a bhain le haoisliúntas in 2016 agus €9,000, mórán mar a chéile le 2015.

**5.2 Aisce scoir (cnapshuim) – Meánícaíochtaí i gcás go bhfuiltear ag scor ar phinsean[a]**

| Catagóir pinsinéara | Líon na bhfaighteoirí | | Meán-íocaíocht aonair (slánaithe) | |
|---|---|---|---|---|
| | **2016** | **2015** | **2016** | **2015** |
| | | | **€** | **€** |
| Oifigigh – a chuaigh ar scor i rith na bliana | 74 | 59 | 69,300 | 73,100 |
| Oifigigh Neamhchoimisiúnta agus saighdiúirí singile – a chuaigh ar scor i rith na bliana | 256 | 259 | 41,000 | 35,300 |
| **Iomláin** | **330** | **318** | | |

[a] Athróidh leibhéal an phinsin agus na haisce scoir mar gheall ar rang scoir, tuilleamh inphinsin, seirbhís fhoriomlán ináirithe agus mar sin de.

# 6 Nithe Ilghnéitheacha

### 6.1 Ró-íocaíochtaí

Bhí 52 cás ró-íocaíochtaí ann ag deireadh na bliana (2015: 56) dar suim €50,423; baineann €6,854 den tsuim seo le blianta roimhe seo. Tháinig ró-íocaíochtaí arbh fhiú €90,672 iad chun cinn sa bhliain 2016. Den fhigiúr sin, aisghabhadh €44,939 agus díscríobhadh €2,164. Táthar ag féachaint faoi láthair leis na méideanna gan íoc a aisghabháil. [a]

| | | **2016** | **2015** |
|---|---|---|---|
| | **€** | **€** | **€** |
| **Iarmhéid tosaigh** | | **31,193** | **50,303** |
| Ró-íocaíocht a sainaithníodh sa bhliain | | 90,672 | 62,287 |
| | | 121,865 | 112,590 |
| **Forchúitithe** | | | |
| Ró-íocaíochtaí a sainaithníodh i 2016 | 44,939 | | |
| Ró-íocaíochtaí a sainaithníodh roimh 2016 | 18,965 | 63,904 | 65,819 |
| | | 57,961 | 46,771 |
| **Díscríofa** | | | |
| Ró-íocaíochtaí a sainaithníodh i 2016 | 2,164 | | |
| Ró-íocaíochtaí a sainaithníodh roimh 2016 | 5,374 | 7,538 | 15,578 |
| **Iarmhéid deiridh** | | **50,423** | **31,193** |

[a] Baineann mórchuid mhór na ró-íocaíochtaí seo leis an gcuid sin den phinsean a íoctar sa tréimhse tar éis bháis phinsinéara agus an párolla míosúil tar éis a bheith próiseáilte cheana féin don mhí sin.